



Coláiste Aonad Bainistíochta:	Oifig an Sparánaí UCD
Scoil Aonad:	Oifig Airgeadais UCD
Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair:	Riarthóir Cuntas Taighde
Tréimhse an Phoist:	Post téarma seasta go dtí an 30 Meitheamh 2026
Grád:	Cúntóir Feidhmiúcháin Sinsearach
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:	Bainistíocht Airgeadais - Leibhéal Gairme 2
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist	2025-05-043
Bainisteoir Líne:	Bainisteoir Cuntais Gníomhaireacht Taighde
Uimhir Thagartha an Chomórtais:	019448
Riarthóir AD:	Natalia McDonagh

Achoimre ar an bPost:

Tá ról tacaíochta lárnach ag an Riarthóir Cuntais Taighde i mbainistíocht airgeadais agus i riarachán tionscadal taighde atá maoinithe go seachtrach agus go himmheánach in UCD.

Ag obair faoi mhaoirseacht Bainisteoir Cuntais Gníomhaireachta Taighde, tá an Riarthóir Cuntais Taighde freagrach as éilimh deontais a ullmhú agus a chur isteach, monatóireacht a dhéanamh ar ioncam agus buiséid tionscadal, taifid a choinneáil ar ghealltanais bhuiséid amach anseo, agus a chinntiú go gcomhlíontar téarmaí maoinithe agus beartais UCD.

Éilíonn an ról béim láidir ar sheirbhís ghairmiúil, fhreagrach a sholáthar do thaighdeoirí agus do pháirtithe leasmhara eile, agus ardchaighdeán chruinnis airgeadais agus cúram custaiméirí a choinneáil i dtimpeallacht ghnóthach atá ag athrú i gcónaí.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Éilimh airgeadais agus ráitis chostais a ullmhú, a bhailíochtú agus a chur isteach chuig gníomhaireachtaí maoinithe seachtracha, ag cinntiú go bhfuil siad comhlánaithe go cruinn, in am, agus i gcomhréir le ceanglais an mhaoinitheora agus na hOllscoile.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais na gcuntas taighde atá sannta dóibh, rianú a dhéanamh ar chaiteachas i gcoinne buiséid, agus aird a tharraingt ar athruithe suntasacha do chomhghleacaithe sinsearacha.
- Taifid airgeadais, buiséid agus doiciméadacht tionscadail cothrom le dáta agus cruinne a choinneáil i gcóras ERP na hOllscoile.
- Seirbhís ghairmiúil atá dírithe ar réitigh a sholáthar do thaighdeoirí, do chomhpháirtithe agus do chomhghleacaithe.
- Tacú le gnéithe airgeadais iniúchtaí a bhaineann le deontais taighde trí dhoiciméid a bhailiú, fianaise iniúcháireachta a ullmhú, agus idirchaidreamh a dhéanamh le hiniúcháirí agus le páirtithe leasmhara inmheánacha.
- Taifid a choinneáil ar ghealltanais bhuiséid amach anseo, lena n-áirítear uirlisí pleanála ábhartha agus córais airgeadais a nuashonrú chun tacú le réamhaisnéis, tuairisciú airgeadais agus cinnteoireacht.
- Íocaíocht an mhaoinithe chuig comhpháirtithe comhoibríocha ar thionscadail taighde a ríomh, agus

comhlíonadh ceanglais an mhaoinitheora agus comhaontuithe comhoibríocha á chinntiú.

- Teagmháil a dhéanamh le taighdeoirí agus le comhlachtaí maoinithe chun ceistanna airgeadais a fhreagairt, agus ábhair níos casta a chur faoi bhráid Bhainisteoir Cuntais Gníomhaireachta Taighde nuair is iomchuí.
- Cuidiú le riarachán agus bainistíocht airgeadais conarthaí taighde, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar bhuiséad, sonrascadh agus gníomhaíochtaí clabhsúir tionscadal.
- Próisis agus nósanna imeachta airgeadais atá bunaithe a leanúint, agus rannchuidiú le feabhsuithe leanúnacha ar phróisis chun cruinneas, éifeachtúlacht agus comhlíonadh a fheabhsú.
- Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh oiliúna agus i ngníomhaíochtaí forbartha gairmiúla chun eolas cothrom le dáta a choinneáil ar chórais airgeadais, ar bheartais agus ar riachtanais mhaoinithe sheachtraigh.
- Dualgais riaracháin nó airgeadais ghaolmhara eile a dhéanamh de réir mar a shanntar iad ag Bainisteoir Cuntais Gníomhaireachta Taighde.

Go háirithe leis an bPost seo :

- Tabharfar conradh téarma socraithe don iarrthóir rathúil chun ball buan foirne a chlúdach atá ar thréimhse fhada saoire. Tá gá le tacaíocht agus clúdach sealadach go dtí '30 Meitheamh 2026.

95 Scála Tuarastail Cúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin_2010: €47,203 - €57,399 In aghaidh na bliana.

Déanfar an ceapachán ar scála agus i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag:

<https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/>

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar ceiliúradh ar éagsúlacht agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Fáiltimid roimh iarratais ó chách, lena n-áirítear iad siúd a shamhlaíonn iad féin le haon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Tuilleadh eolais faoin Éagsúlacht ag: <https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

Critéir Roghnúcháin

Tá Creat Teaghlaigh Poist ag UCD agus tá an ról seo mar chuid den Teaghlach Poist um **Bainistíocht Airgeadais agus ailíníonn sé le Leibhéal Gairme 2**. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinniúlachtaí feidhmiúla agus na príomhinniúlachtaí leagtha amach sa Chreat Teaghlaigh Poist ar fáil ag:

<https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies>

Éigeantach:

Taithí agus Cáilíochtaí

- 2-3 bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil ag obair in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus/nó cáilíocht ghairmiúil ábhartha tríú leibhéal, e.g. Gnó, Cuntasaíocht.
- Inniúlacht i gcórais airgeadais agus iontráil sonraí le hardleibhéal cruinnis.

Inniúlachtaí Feidhmiúla

- **Timpeallacht Ghnó:** Cumas léirithe chun oibriú le sonraí airgeadais, buiséid agus réitigh go cruinn agus go córasach.
- **Tuairisciú Airgeadais:** Inniúlacht i dtuarascálacha nó éilimh airgeadais a ullmhú agus a chur isteach.
- **Iníúchadh:** Eolas ar cheanglais chomhlíonta agus ar phrionsabail iniúcháireachta airgeadais.

Príomhinniúlachtaí

- **Cumarsáid Éifeachtach:** Cumas láidir dul i mbun cumarsáide i scríbhinn agus ó bhéal atá soiléir, gan athbhrí, trédhearcach, agus comhsheasmhach le Luachanna UCD, chun faisnéis agus smaointe a chur in iúl agus a roinnt le daoine eile, éisteacht go cúramach, tuiscint a shoiléiriú agus tuairimí éagsúla a mheas.
- **An Cumas Oibriú as do Stuaím Féin:** Cumas suntasach chun moltaí a dhéanamh maidir le feabhsúcháin i do réimse oibre féin agus gníomhú go luath chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna agus chun iad a shocrú agus chun teacht ar réitigh
- **Fócas Seirbhíse agus Nuálaíocht:** Cumas suntasach riachtanais chustaiméirí a thuiscint agus a bheith ag súil leo, ag gníomhú chun táirge agus seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar a chomhlíonann ionchais na bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha go léir.
- **Pleanáil agus Eagrú:** Cumas láidir a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú go héifeachtach, tosaíochtaí soiléire a leagan amach agus a chinntiú go mbaintear spriocdhátaí amach, chomh maith le gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a chur le chéile agus a scaradh chun aschur a sholáthar de réir achar ama shoiléir chun cuspóirí na Scoile/an Aonaid/an Choláiste/na hOllscoile a bhaint amach
- **Feasacht Eagraíochta:** Cumas substaintiúil tuiscint láidir a léiriú ar UCD ina iomláine, lena n-áirítear struchtúr rialachais agus rialacháin.
- **Athrú a Bhainistiú:** Cumas atá á fhorbairt chun cur chuige dearfach a ghlacadh maidir le dul i ngleic le hobair agus glacann siad le hathrú agus iarrann siad aiseolas a bhaineann le feidhmíocht agus pléann siad go cuiditheach leis.
- **Caidrimh a Thógáil:** Dea-chumas caidrimh oibre éifeachtacha a chothú laistigh dá réimse féin agus ar bhonn níos leithne, chun comhoibriú agus comhar i réimsí eile a spreagadh agus comhpháirtíochtaí a chothú chun torthaí a bhaint amach
- **Bainistíocht Tionscadail:** Cumas suntasach chun spriocanna, cuspóirí agus critéir ratha tionscadail nó cláir a chinntiú agus seo a shainiú go soiléir ag an tús, ról agus freagrachtaí gaolmhara, spriocanna insólathartha, garspriocanna a shoiléiriú agus plean tionscadail mionsonraithe a fhorbairt agus monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an dul chun cinn ina choinne.

Inmhianaithe:

- Taithí i riarachán airgeadais taighde nó i mbainistíocht deontas.
- Suim cáilíocht ghairmiúil chuntasaíochta a bhaint amach (Mar sh. ACCA, ACA, CIMA).
- Taithí ar chórais ERP i gcomhthéacs riaracháin airgeadais.

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2030: Teorainneacha a Shárú	https://strategy.ucd.ie/
Oifigeach Airgeadais UCD	https://ucd.ie/finance/
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD:	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

Ainm:	Niamh Jarve
Teideal:	Bainisteoir Taighde
Seoladh ríomhphoist:	niamh.jarve@ucd.ie

Fón:	N/A
------	-----